

AN ROINN OIDEACHAIS

SIOLLABAS DON TEASTAS SÓISEARACH

CEOL

An Teastas Sóisearach

Aidhmeanna agus Prionsabail

1. Is é aidhm ghinearálta an oideachais oibriú ar mhaithe le gach gné den duine aonair a shaothrú. Ar na gnéithe sin áirítear an ghné aestéitiúil, chruthaitheach, léirmheastach, chultúrtha, mhothálach, intleachtúil, mhorálta, fhisiceach, pholaitiúil, maraon le forás spioradálta agus sóisialta le haghaidh a shaoil phearsanta, sa teaghlach agus ar láthair na hoibre, agus le haghaidh maireachtála imeasc an phobail agus le haghaidh caitheamh aimsire.
 2. Is é aidhm an Teastais Shóisearaigh
 - . an t-eolas, an tuiscint, na scileanna agus na hinniúlachtaí a thugann an dalta leis ón mbunscoil a dhaingniú agus a shaothrú a thuilleadh;
 - . raon agus cineál eispéireas oideachais na ndaltaí, ó thaobh eolais, tuisceanna, scileanna agus inniúlachtaí a leathnú agus a dhoimhniú;
 - . iontaoibh an dalta as féin, maraon le hiontaoibh sóisialta, cumas tionscnaimh agus inniúlachta, a chothú le cabhair oideachais ghinearálta atá leathan agus meáite;
 - . an dalta a ullmhú le haghaidh riachtanas cláracha breise staidéir, fostaíochta nó an tsaoil lasmuigh d'oideachas lánaimsearach;
 - . forás morálta agus spioradálta an dalta a chothú agus cabhrú leis teacht ar thuiscint ar luacha agus ar chreideamh daoine eile maraon le meas a bheith aige orthu;
 - . na daltaí a ullmhú le haghaidh cúraimí an tsaoirínigh ina dtír féin agus i gComhphobal na hEorpa.
 3. Tá na prionsabail seo a leanas mar bhonn le clár an Teastais Shóisearaigh.
 - . é a bheith leathan agus meáite: ba cheart go dteagmhódh na daltaí le réimse leathan eispéireas oideachais le linn na tréimhse deireanaí dá gcuid scolaíochta éagantaí. Ba cheart cúram faoi leith a dhéanamh de dhaingniú agus de shaothrú scileanna uimhríochta, litearthachta agus labharthachta. Ba cheart treise faoi leith a chur le hoideachas sóisialta agus timpeallachta, le heolaíocht agus le teicneolaíocht agus le nuatheangacha.
 - . ábharthacht: ba cheart go ndíreodh an curaclam ar ghar-riachtanais agus ar chianriachtanais an dalta ó thaobh na timpeallachta cultúrtha, eacnamaíche agus sóisialta.
 - . fiúntas: ba cheart go n-éilofaí ar gach dalta na céimeanna feabhais is airde is féidir leis a bhaint amach, ag cur infheidhmeacht agus cumas san áireamh, maraon le caighdeáin idirnáisiúnta inchomórtais.
- Ba cheart go soláthródh an curaclam réimse leathan eispéireas oideachais i dtimpeallacht a chruthaíonn cothú agus múnlú. Ba cheart go mbainfeadh sé brí astu seo a leanas: an aeistéitic, an chruthaíocht, an eitic, teangeolaíocht, matamaitic, an saol fisiceach, an eolaíocht agus an teicneolaíocht, an saol sóisialta agus polaitiúil, an imshaol agus an saol spioradálta.
4. Cuirtear gach siollabas le haghaidh an Teastais Shóisearaigh i láthair chun go ndéanfaí é a theagasc sa gcomhthéacs curaclaim atá leagtha amach thuas.

1.	<u>RÉAMHRÁ</u>	1
1.1	Ginearálta	1
1.2	An Siollabas	1
1.3	Fad an Chúrsa	2
2.	<u>AIDHMEANNA AGUS CUSPÓIRÍ</u>	3
2.1	Aidhmeanna	3
2.2	Cuspóirí	3
3.	<u>ÁBHAR AN CHÚRSA/RIACHTANAIS SCRÚDITHE</u>	4
3.1	Ginearálta	4
3.2	Scileanna Casaidh	4
3.2.1	Réamhrá	4
3.2.2	Catagóir 1: Amhráin a chanadh	4
3.2.3	Catagóir 2: Casadh mar bhall de chóir, de cheolfhoireann nó de bhanna mileata aitheanta	5
3.2.4	Catagóir 3: Casadh mar bhall de <i>ensemble</i> gutha agus/nó uirlise (nach bhfuil soláthar ann dó faoi 3.2.3 thuas)	5
3.2.5	Catagóir 4: Seim ar uirlisí clasaiceacha atá faofa	5
3.2.6	Catagóir 5: Seim ar uirlisí traidisiúnta na hÉireann	6
3.2.7	Catagóir 6: Tobchumadh ar rogha uirlise nó gutha	6
3.2.8	Catagóir 7: Scileanna seanma neamhshonraithe eile	7
3.3	Scileanna Cumadóireachta	7
3.3.1	Séis a scríobh	7
3.3.2	Tríchordaí	7
3.3.3	Réimniú ó chorda go corda (Ardleibhéal)	8
3.3.4	Saorchumadóireacht roghnach (Ardleibhéal) ...	8
3.4	Scileanna Éisteachta	8
3.4.1	Amhráin dhualgais agus amhráin roghnaithe ...	8
3.4.2	Aithint uirlise/gutha	9
3.4.3	Scileanna ginearálta éisteachta	9
3.4.4	Staidéar ginearálta roghnach	10
3.4.5	Ceol na hÉireann	11
3.4.6	Saothair dhualgais agus saothair roghnacha .	11

3.4.7	Litearthacht Ceoil agus Cluasbhraistint	12
3.4.8	Litearthacht Ceoil agus Cluasbhraistint (Ardleibhéal)	13

4. AGUISÍNÍ

4.1	Aguisín A: Amhráin a mholtar agus iad liostáilte de réir catagóire	15
4.2	Aguisín B: Coinníollacha speisialta agus cláir do chóir, do cheolfhoirne agus do bhannaí míleata	26
4.3	Aguisín C: Cláir leasaithe uirlise d'uirlisí clasaiceacha	27
4.4	Aguisín D: Clár leasaithe d'uirlisí ceoil traidisiúnta agus treoirlínte do na riachtanais atá ann do na Gnáthleibhéil agus do na hArdleibhéil agus na hidirdhealaithe idir na leibhéil sin ..	56
4.5	Aguisín E: Treoirlínte do na riachtanais maidir le tobchumadh	66
4.6	Aguisín F: Amhráin dualgais	67
4.7	Aguisín G: Saothair dhualgais	68
4.8	Aguisín H: Taifeadtaí a mholtar agus iad liostáilte de réir catagóire	69

1. RÉAMHRÁ

1.1 Ginearálta

Ceapadh an cúrsa seo do Cheol na Sraithe Sóisearaí go sonrach chun go mbeadh sé oiriúnach do raon iomlán infheidhmeachta agus cumais na mac léinn.

Cuireadh an cúrsa le chéile chun deis a thabhairt do na mic léinn uile scileanna ceoil a bhaint amach a bheadh oiriúnach don aois, don éagsúlacht cumais agus don taithí atá acu i gcúrsaí ceoil. Chuige sin, tugtar sainmhíniú anseo ar an gceol i dtéarmaí na ceolmhaireachta mar a nochtar i thar thacar i bhfad níos fairsinge de mheáin agus de *genres* ná mar a bhí i gceist go nuige seo.

Ar an dul céanna, tugadh faoi scóip an tsiollabais a leathnú agus níos mó éagsúlachta a cheadú nuair a bhíonn sé sin oiriúnach. Tá sciar den obair leagtha síos mar shaothar dualgais. Ina lán cásanna, áfach, níl sa siollabas ach treoirlínte do réim na roghanna sin faoinar féidir le múinteoirí agus mic léinn cuid mhaith den ábhar a thoghadh mar aon leis an gcur chuige is fearr a oireann dá riachtanais áirithe féin.

Dá bharr seo, ba chóir go bhféadfadh réimse scoileanna níos éagsúla feasta an cúrsa seo a sheoladh isteach go muiníneach gan dochar do spéis na mac léinn sa cheol ná don chúlra a bhfuil siad ag freastal orthu agus a fhios sin acu go bhfuil iomláine oideachasúil an ábhair a roghnaítear á dearbhú agus á haithint.

1.2 An Siollabas

Roinntear an siollabas nua seo ina thrí chomhchuid agus freagraíonn siad do na trí phríomhghníomhaíocht ceoil.

- (a) Scileanna Casaidh: Is féidir an ceol a bheith ar siúl mar chuid d'obair na scoile, nó a theacht as oiliúint phríobháideach agus is féidir é a bheith ina chleachtas aonair nó ina chleachtas grúpa. Tá na catagóirí atá tugtha ar lgh. 4-7 agus na hagusíní a ghabhann leo faofa chun na críche seo.
- (b) Scileanna Cumadóireachta: Déanfaidh na mic léinn míreanna séiseacha a chumadh agus beidh réamheolas acu ar bhunarmóin mar rogha amháin NÓ déanfaidh siad saorchumadóireacht mar rogha eile faoi mar atá tugtha ar lgh. 7-8.

(c) Scileanna Éisteachta:

Déanfaidh na mic léinn toradh a thabhairt i slite a léiríonn tuiscint don cheol, ar amhráin agus ar shaothair thaifeadta a bheidh ullmhaithe chomh maith le gan a bheith ullmhaithe roimh ré agus leas á bhaint as béarlagair teicniúil agus/nó neamhtheicniúil faoi mar atá tugtha ar lgh. 8-12. Le linn dóibh a bheith i mbun staidéir, gheobhaidh na mic léinn leoreolas agus leorthuiscint ar an gcliathnodaireacht agus ar an gcluasoiliúint chun go mbeidh ar a gcumas an gaol atá idir fuaim agus siombail a thuiscint agus a léiriú faoi mar atá sonraithe ar lgh. 12-13.

1.3 Fad an Chúrsa

Moltar go gcaithfí trí thréimhse ranga in aghaidh na seachtaine, daichead nóiméad an ceann, (gan an t-am a chaitear ag cleachtadh i gcóir scoile, i gceolfhoirne agus i mbannaí míleata a chur san áireamh) faoi stiúradh múinteora cheoil láncháilithe i ngach aon cheann de na trí bliana den tsraith Shóisearach mar íosmhéid riachtanach le go múinfi an cúrsa seo go héifeachtach.

2. AIDHMEANNA AGUS CUSPÓIRÍ

2.1 Aidhmeanna

- Forbairt na pearsantachta a chur chun cinn trína bheith rannpháirteach go cruthaitheach sa cheol agus trí fhéachaint le barr feabhais a bhaint amach.
- Íogaireacht don cheol, agus na hacmhainní criticiúla samhlaíocha a fhorbairt.
- Aithne ar an ngné shóisialta agus tuiscint do thuairimí eile ar an ealaín a spreagadh trí ghníomhaíochtaí ceoil.
- Na scileanna agus na coincheapa ceoil a baineadh amach ar an mBunleibhéal a thabhairt chun cinn sa chaoi is gur féidir leis na daltaí uile, iadsan a bhfuil ardtallann acu, agus iadsan a bhfuil riachtanais speisialta acu san áireamh, tabhairt faoi ghníomhaíochtaí fiúntacha ceoil agus idir thaitneamh agus shochar a bhaint astu.

2.2 Cuspóirí

- Cuidiú le scileanna léirithe a fhorbairt ag leibhéal oiriúnach trí dheiseanna a chur ar fáil do chleachtadh rialta an cheoil ghutha agus an cheoil uirlise.
- Cluasbhraistint sa chiall is leithne a fhorbairt, eolas agus léirthuisicint ar an gceol mar a bhí agus mar atá, mar aon lena ionad inár dtimpeallacht féin agus i dtimpeallachtaí eile, a chothú.
- Leorthaithí ar cheol agus leoreolas ar fhíricí a thabhairt do na mic léinn chun a chur ar a gcumas scileanna éisteachta agus cumadóireachta a fhorbairt agus a chleachtadh le tuiscint agus spéis níos mó, agus na scileanna amhránaíochta agus seanma a threisiú de thairbhe tuisceana níos eolasaí ar na fíricí gaolmhara riachtanacha is bonn leo.

3. ÁBHAR AN CHÚRSA/RIACHTANAIS SCRÚDUI THE

3.1 Ginearálta

Is féidir léargas níos soiléire a fháil ar ábhar an chúrsa nuair a leagtar amach treoirlínte do riachtanais bheachta an scrúdaithe a bheidh ann chun measúnú a dhéanamh ar chumas na mac léinn sna trí phríomhréimse a thugtar anseo thíos. Déantar soláthar don Gnáthleibhéal agus don Ardleibhéal araon. Tá an Cúrsa Gnáthleibhéil ina chuid den Chúrsa Ardleibhéil agus, nuair is cuí sin a dhéanamh, luaitear as féin ábhar a bhaineann go sonrath leis an Ardleibhéal amháin.

Tá sé de cheart ag na hiarrthóirí agus a gcuid múinteoirí an Gnáthleibhéal nó an tArdleibhéal a roghnú, chomh maith leis na scileanna agus an t-eolas áirithe sin ar mian leo iad a thairiscint chun críche an scrúdaithe. Díritear aird ar na riachtanais bheachta a bhaineann le gach leibhéal acu nuair a thagann siad seo i gceist.

3.2 SCILEANNA CASAIDH

3.2.1 Réamhrá

Beidh ar iarrthóirí scileanna casaoidh a thairiscint ag an nGnáthleibhéal nó ag an Ardleibhéal.

Beidh ar iarrthóirí Gnáthleibhéil tairiscint as CEANN AMHÁIN de na catagóirí atá tugtha thíos a dhéanamh.

Beidh ar iarrthóirí Ardleibhéil tairiscint as CEANN AMHÁIN de na catagóirí seo thíos a dhéanamh ag an leibhéal oiriúnach.

Mar mhalairt, tá de rogha ag iarrthóirí Ardleibhéil DHÁ cheann ar bith de na scileanna Gnáthleibhéil a thairiscint don scrúdú Ardleibhéil.

I gcúinsí áirithe, ach ag an nGnáthleibhéal amháin, is féidir le hiarrthóirí, ach cead na Roinne Oideachais a fháil roimh ré, a gcuid scileanna amhránaíochta agus seanma a thairiscint lena measúnú agus leas á bhaint acu as ciosmheán nó ciosamhairc.

3.2.2 Catagóir 1: AMHRÁIN A CHANADH

Beidh ar iarrthóirí Gnáthleibhéil DHÁ amhrán a chanadh.

Beidh ar iarrthóirí Ardleibhéil CEITHRE amhrán a chanadh.

Is féidir na hamhráin seo a roghnú as an liosta atá tugtha in Aguisín A. Ní mór don chlár, i ngach aon chás, éagsúlacht stíle agus teicníochta a chur ar fáil agus, nuair a oireann, ní mór tionlacan a bheith i gceist. Tabharfar triail amharcléimh nó triail chluaschuimhne freisin.

3.2.3 Catagóir 2: AMHRÁNAÍOCHT NÓ SEINM MAR BHALL DE CHOR, DE CHEOLFHOIREANN NÓ DE BHANNA MILEATA AITHEANTA

Don Ghnáthleibhéal nó mar 50% de riachtanas an Ardleibhéil.

Is féidir amhránaíocht nó seinm in aon cheann de na cóir, ceolfhoirne nó grúpaí atá i mbéal an phobail a bheith i gceist sa chatagóir seo chomh maith le grúpaí clasaiceacha. ní mór d'iarrthóirí a léiriú go bhfuil an cumas acu páirt shimplí a choinneáil ar siúl mar bhall rialta de ghrúpa ceoil agus a léiriú go bhfuil taithí acu ar na gnásanna nodaireachta a oireann do gach aon cheann de na *genres* ceoil a chuirtear i láthair. Beifear ag súil le dhá dhréacht éagsúla agus le leibhéal cumais a bheidh comhionann lena bhfuil riachtanach faoi 3.2.3 thuas. Beidh triail amharcléimh nó triail chluaschuimhne i gceist freisin.

Roghanna eile a nglacfar leo faoin gcatagóir seo is ea *buíonta/ensembles* le ceol traidisiúnta na hÉireann, ceol tíre, an fhliúit Shasanach, madragail, agus *ensembles* gutha agus/nó ceoil neamhainmnithe eile, chomh maith le léirithe ar shleachta as ceolraí stáitse, mion-cheoldrámaí srl.

Chun grád Ardleibhéil a bhaint amach beidh ar iarrthóir scil amháin amhránaíochta nó seanma le cois a thairiscint ag an nGnáthleibhéal.

3.2.5 Catagóir 4: SEINM AONAIR AR UIRLISÍ CLASAICEACHA ATÁ FAOFA

Beidh ar iarrthóirí Gnáthleibhéil DHÁ dhréacht uirlise a sheinm, ceann acu nach mór é a roghnú as an gclár cuí a thugtar in Aguisín C.

Beidh ar iarrthóirí Ardleibhéil CEITHRE dhréacht uirlise a sheinm .i. dréacht amháin as gach aon cheann de na trí liosta sa chlár cuí a thugtar in Aguisín C chomh maith le dréacht eile de rogha an iarrthóra féin.

Is iad na huirlisí seo a leanas atá faofa don chatagóir seo: an fhliúit Shasanach fhorshéise, an fhliúit Shasanach tribile agus forshéise (nó teanóir), an fhliúit, an t-óbó, an chláirnéid, an sacsafón (ailt agus/nó teanóir), an basún, an corn francach, an corn teanóir (in E maol), an trumpa, an coirnéad, an flúgalchorn, an trombón teanóir, an pianó, an chláirseach cheolchoirme, an chruit Ghaelach, an t-orgán, an giotár, an cairdín, an veidhlín, an vióla, an dordveidhil agus an t-ollord.

Is féidir glacadh sa chatagóir seo freisin le léirithe ar uirlisí nua-aoiseacha, m.sh., ceolchórais ríomhairithe, sintéiseoirí srl. Ní féidir, áfach, liostaí sonracha de shaothair a dhréachtú faoi mar atá in Aguisín C do na huirlisí seanbhunaithe mar gheall ar a n-éagsúlacht ó thaobh teicníochta agus acmhainneachta. Iarrthóirí a ghlacann an rogha seo is faoina ndiscreíd féin a dhéanann siad é agus ní mór lánsonraí, teidil na ndracha agus ainmneacha na gcumadóirí san áireamh, a sheoladh chuig an Roinn Oideachais san am a gcuirtear iarratas iontrála isteach ar an scrúdú.

I ngach aon chás, tabharfar triail amharcléimh agus, nuair a oireann sé ní mór tionlacan a chur ar fáil.

3.2.6 Catagóir 5: SEINM AR UIRLISÍ TRADISIÚNTA NA HÉIREANN

Tá na riachtanais Gnáthleibhéil agus Ardleibhéil leagtha amach in Aguisín D.

Tá an fheadóg stáin, an fhidil, an chruit, an fhliúit cheolchoirme, an cairdín cnaipe, an cairdín pianó, an bainseó, an maindilín, an consairtín agus a phib uilleann ar na huirlisí traidisiúnta atá faofa.

Beidh sé riachtanach freisin a bheith in ann sliocht neamhullmhaithe as tarchur scríofa nó as cios-tarchur a chur i ngníomh ar éacaíocht.

3.2.7 Catagóir; 6: TOBCHUMADH AR ROGHA UIRLISE NÓ GUTHA

Déanfar measúnú ar iarrthóirí Gnáthleibhéil faoi CHEANN AMHÁIN de na ceannteidil a liostáiltear in Aguisín E.

Ní mór d'iarrthóirí Ardleibhéil oilteacht a léiriú faoi THRÍ cinn de na ceannteidil a liostáiltear in Aguisín E.

Beidh triail amharcléimh nó triail chluaschuimhne ann freisin.

3.2.8 Catagóir 7: SCILEANNA SEANMA NEAMHSHONRAITHE EILE

Is ceadmhach d'iarrthóirí Gnáthleibhéil nó Ardleibhéil tairiscint a dhéanamh as an gcatagóir seo.

Aon scil léirithe neamhshonraithe eile ar féidir í a scrúdú, i bpáirt le triail chluaschuimhne nó amharchléimh, is ceadmhach í a thairiscint faoin gceannteideal seo. Iarrthóirí a ghlacann an rogha seo is faoina ndiscréid féin a dhéanann siad é agus ní mór lánsonraí, teidil agus bunús na ndréchtaí atá á dtairiscint san áireamh, a sheoladh chuig an Roinn Oidechais le cead roimh ré a fháil san am a gcuirtear iarratas iontrála isteach ar an scrúdú.

3.3 SCILEANNA CUMADÓIREACHTA

3.3.1 Séis a Scríobh

Beidh ar na hiarrthóirí UILE a léiriú go bhfuil leorthuiscint ar uraiceacht an cheoil agus dóthain samhlaíochta éisteachta acu chun go mbeadh ar a gcumas míreanna séise a cheapadh agus a scríobh ar chliath na tribile. Ní mór a bheith in ann na hidirchéimeanna coiteanna diatónacha ó aontach go hochtach, luachanna rithime ón leathlán go dtí an camán (minimí poncailte agus croisíní poncailte san áireamh) agus na hamchomharthaí coiteanna i mórscálaí suas le DHÁ ghéar agus DHÁ mhaol a úsáid go héasca.

Tharlódh go dtabharfaí ceisteanna scrúdaithe bunaithe ar chora clasaiceacha traidisiúnta, ar chora clasaiceacha nó ar chora pobail, agus ní mór d'iarrthóirí CEANN AMHÁIN de na bealaí seo a leanas le freagraí a chur i láthair a roghnú.

- (a) Míreanna a chur le rithimí agus/nó méadair nó focail a thugtar;

NÓ

- (b) Míreanna a bhunú ar ghiotaí séise an thugtar;

NÓ

- (c) Míreanna freagracha d'oscailt a thugtar.

3.3.2 Tríchordaí

Mar mhodh le réamheolas ginearálta a chur ar na príonsabail a bhaineann le cumadh armóine, beifear ag súil go mbeidh tuiscint ag na hiarrthóirí UILE ar mhianach an tríchorda idir mhór agus mhion agus go mbeidís in ann ionaid ar leith a mholadh lena n-úsáid i bhfonn a thugtar le téacs nó amhrán.

3.3.3 Réimniú ó Chorda go Corda Ardleibhéal Amháin

Mar bhreis, ba chóir go mbeadh leorthaithí ag na hiarrthóirí seo ar réimniú agus leagan amach cordaí agus leas á bhaint as cordaí I, II, IV, V agus VI le haghaidh toradh ceolmhar a bhaint amach i gceann AMHÁIN de na cleachtaí seo a leanas a bhféadfaí iad a chur i mórghléasanna nó i mionghléasanna suas le DHÁ mhaol.

- (a) Móitifeanna simplí séise agus/nó doird a cheapadh lena n-úsáid mar phátrúin dhúntacha;

NÓ

- (b) Armónú a dhéanamh ar na gnáthréimnithe dúntacha agus ar a gcuid réamhchordaí le haghaidh méarchláir nó scóir ghearr ghutha;

NÓ

- (c) Cordaí bunaidh mar thionlacan le ceol seanaitheanta a chumadh agus leas á bhaint as ainmneacha simplí cordaí nó as taibhléadú giotáir.

3.3.4 Saorchumadóireacht Roghnach Ardleibhéal Amháin

Mar mhalairt ar 3.3.1, 3.3.2 agus 3.3.3 thuas, is ceadmhach do na hiarrthóirí seo fonn le tionlacan a chumadh le cur ar fhocail a thugtar nó gluaiseacht ghearr uirlise a chumadh, a léiríonn na focail a thugtar, agus leas á bhaint as rogha an iarrthóra féin maidir le meán, le nodaireacht agus le leagan. Sa chás seo, bronntar na marcanna uile atá ag dul do Scileanna Cumadóireachta ar an rogha seo.

3.4 SCILEANNA ÉISTEACHTA

Is éard a bheidh sa scrúdú ná freagraí scríofa ar spreagthaí éisteachta agus/nó scríofa a dhéanfaidh tástáil ar chuid éigin nó ar na réimsí uile a bhfuil cur síos orthu thíos.

- 3.4.1 Beidh ar na hiarrthóirí UILE grinnstaidéar a dhéanamh ar FICHE AMHRÁN mar seo a leanas:

Amhráin Dualgais

OCHT n-amhrán dualgais mar a leagtar síos in Águisín F a aithint ó chluas agus léirthuisicint ghrinn orthu a léiriú.

Amhráin Roghnaithe

Anuas air sin, beidh ar iarrthóirí DHÁ AMHRÁN DÉAG breise mar íosmhéid a roghnú le staidéar speisialta a dhéanamh orthu. Ní mór CEANN AMHÁIN ar a laghad,

ach gan thar chúig cinn mar uasmhéid, a roghnú as GACH aon cheann de na catagóirí a leagtar síos. I ngach cás, ba chóir eolas ábhartha faoin gcúlra a chur ar fáil mar aon le réamheolas ginearálta faoi gach aon cheann de chatagóirí na n-amhrán, a saintréithe agus a n-éagsúlachtaí. Níl liostáilte ach amháin amhráin a mholtar in Aquisín A agus is ceadhmach d'iarrthóirí amhráin eile a roghnú ar chuntar go sásaíonn siad na riachtanais a bhaineann leis na catagóirí cuí atá leagtha síos.

- (a) Amhráin thraidisiúnta na hÉireann i mBéarla nó i nGaeilge, le tionlacan nó gan tionlacan, agus arna chóiriú ag cumadóirí nua-aoiseacha Éireannacha san áireamh;
- (b) Amhráin tíre ó thíortha eile agus iad sa leagan bunaidh nó aistriithe;
- (c) Amhráin ealaíne arna gcumadh ag na mórhmáistrí agus ag cumadóirí aitheanta de chuid an fichiú haois;
- (d) Bailéid stairiúla agus bailéid nuachumtha;
- (e) Amhráin phobail agus spioradálaigh na gciardhuán, amhráin snagcheoil agus "blues" san áireamh;
- (f) Carúil agus ceol gutha eaglasta, le tionlacan nó gan tionlacan;
- (g) Amhráin as ceoldrámaí, mion-cheoldrámaí, cantáideanna, oratóirí agus ceolraí stáitse;
- (h) Amhráin ina bhfuil forshéiseanna simplí, *ostinati*, amhráin shimplí dhápháirteacha, rothlaim agus canónacha.

3.4.2 Ceol Uirlise agus Gutha a Aithint

Beidh ar na hiarrthóirí UILE a léiriú go bhfuil ar a gcumas fuaimanna éagsúla uirlise agus gutha a thabhairt chun grinnis ó chluas, iad a chatagóiriú agus a ainmniú, go príomha iad sin a chuirtear ar fáil trí na huirlisí aithnidiúla ceolfhoirne a úsáid ar an ngnáthchaoi.

3.4.3 Éileofar Scileanna Ginearálta Éisteachta ar na hiarrthóirí UILE agus go háirithe an chuid seo a leanas:

- (a) Éisteacht le sleachta taifeadta agus a bheith in ann tráchtairachtaí éagsúla a thabhairt fúthu agus leas á bhaint as béarlagair teicniúil agus/nó neamhtheicniúil maidir lena bpríomh-shaintréithe, a mbunús, a gcosúlachtaí, agus éagsúlachtaí. Aire éigin a thabhairt, má oireann, d'athruithe meanmnan,

luas, tonúlacht, amchomharthaí, tréithe ginearálta stíliochta agus na gnéithe athraitheacha a bhaineann le huigeacht an cheoil (m.sh., tondath, fórsaí seanma, airde srl.) chomh maith le tuiscint éigin ar an gceangal atá idir eilimintí dá sórt agus ar a n-oiriúnacht maidir leis na cuspóirí ceoil a bhí ar intinn ag na cumadóirí a bhain leas astu.

- (b) Ba chóir dóthain taithí éisteachta ar an iomlán a bheith ag iarrthoirí, ag cur san áireamh na stíleanna uile agus scaradh na *genres*, chun a chur ar a gcumas claontaí coitianta a bhrath ó chluas, m.sh., an tuiscint gur féidir aidhm fhoirmiúil nó neamhfhoirmiúil a bheith leis an gceol (.i. le haghaidh searmanais murab ionann is ceol le haghaidh siamsa éadroim) gur féidir éifeacht ghníomhach nó éifeacht éighníomhach a bheith leis (ceol rince a spreagfadh gníomh i gcomparáid le ceol a cheapfaí chun aird a mhealladh de thoradh na háilleachta a bhraithfí a bheith de dhlúth agus d'inneach ann) agus na céiliúcháin éagsúla atá mar an gcéanna ag an gceol sna catagóirí sin.
- (c) Ba chóir go mbeadh sé ina chuid d'éisteacht rialta dá sórt tuiscint ar chiall agus úsáid focal a úsáidtear go coitianta chun cur síos ar an gceol, m.sh., ceol tuairisciúil/uathcheol, stíl chuntraphuntúil/homafónach, monaicheol, tondath, rithimíúil/séiseach, comharthaí luais agus dinimic, (ní gá go gcloífí le téarmaíocht na hIodáilise ná na Gearmáinise amháin) uigeacht, clasaiceach, eitneach, snagcheol srl. agus focail eile a chuideodh le cur síos a dhéanamh ar fhreagairt phearsanta do dhréachtaí áirithe ceoil nó léiriú air, m.sh., ornáideach, bríomhar, gnóthach/suaimhneach, inspioráideach, ar mhodh damhsa srl.

3.4.4 Satidéar Ginearálta Roghnach

Beidh ar na hiarrthóirí uile staidéar ar bhonn an-ghinearálta, agus é léirithe ó thaobh ceoil de, a dhéanamh ar CHEANN AMHÁIN de na hábhair seo a leanas:

- (a) Ceol a úsáidtear go coitianta agus a chloistear go minic sa ghnáth-thaithí ó lá go lá, m.sh., ceol liotúirge agus deasghnátha, ceol a cheaptar agus a úsáidtear le haghaidh fógraíochta agus margáíochta, ceol i láthair na hoibre (amhráin saothair), ceol do shúgradh (amhráin scipeála srl.), úsáid an cheoil i mbialanna agus in ollmhargaí, mar thionlacan le hacclaíocht nó mar shuantraithe, ionas go dtiocfaí ar thuiscint do na difríochtaí atá idir ceol a chumtar ar son feidhme agus é sin a chumtar ar a shon féin;

NÓ

- (b) Ceol ó luath-thréimhsí nach gcloistear chomh minic sin, m.sh., ceol na meánaoiseanna agus ceol Ré na hAthbheochana;

NÓ

- (c) Ceol ó áitheanna eile nach gcloistear chomh minic sin, m.sh., ceol traidisiúnta seachas ceol na hÉireann;

NÓ

- (d) Ceol ealaíne de chuid na nua-aoise;

NÓ

- (e) *Genres* fiúntacha ceoil as traidisiún an phobail, snagcheol san áireamh.

3.4.5 Ceol na hÉireann

Beidh ar na hiarrthóirí UILE a léiriú go bhfuil taithí acu ar cheol traidisiúnta na hÉireann, na tréithe ar leith a bhaineann leis agus na saintréithe a bhaineann le cineálacha éagsúla léirithe. Cuntas ginearálta ar stair an cheoil sin agus tuiscint éigin ar an bhfás atá tagtha ar ghnaoi an phobail air sa lá atá inniu ann. Eolas ar uirlisí traidisiúnta na hÉireann agus a bheith in ann iad a aithint ó chluas.

3.4.6 Beidh ar na hiarrthóirí UILE tabhairt faoi ÉISTEACHT DUALGAIS mar seo a leanas:

Saothair Dhualgais

Léirthiscint ghrinn ar THRÍ shaothar dualgais mar a thugtar in Aguisín G.

Saothair Roghnaithe

Mar aon leis sin, beidh ar iarrthóirí a léiriú go bhfuil taithí acu ar shaothar AMHÁIN ar a laghad as gach aon cheann de na catagóirí cuí a leagtar síos. Ní liostáiltear ach amháin saothair a mholtar in Aguisín H agus is ceadmhach d'iarrthóirí saothair eile a roghnú ar chuntar go sásaíonn siad na riachtanais a bhaineann leis na catagóirí cuí a leagtar síos.

- (a) Gluaiseachtaí ceoil damhsa atá feidhmiúil nó neamhfheidhmiúil, bailé san áireamh, gluaiseachtaí as sraitheanna clasaiceacha damhsaí de chuid an 18ú haois, gluaiseachtaí siansacha damhsaí, nó ceol i leagan pobail, nó as cnuasach traidisiúnta, eitneach nó luath;

- (b) Gluaiseacht amháin as ceachtar acu seo a leanas: siansa clasaiceach nó sraith shiansach, nó saothar ar bith ceolfhoirne a bhaineann leas as eilimintí de cheol traidisiúnta na hÉireann nó de cheol atá i mbéal an phobail;
- (c) Téama agus breachnuithe sna cnuasaigh chlasaiceacha nó Éireannacha, nó gluaiseacht snagcheoil;
- (d) Gluaiseacht ina bhfuil aonréadaí uirlise nó gutha, nó buíon d'aonréadaithe nó cór ag imoibriú le *ensemble* tionlacain;
- (e) Ceol léiritheach nó ceol scannáin;
- (f) Réamhcheolta ceolchoirme, nó réamhcheolta, réamhdhréachtaí uirlise nó *intermezzi* as ceolraí stáitse, drámaí, ceoldrámaí, mion-cheoldrámaí nó oratóirí.

Éileofar freisin eolas ábhartha faoi chúlra na saothar taifeadta dualgais agus roghnach, agus faoi chúlra a gcumadóirí chomh maith le heolas faoi bhunús agus faoi ghnéithe na ngnáthfhoirmeacha ceolfhoirne.

3.4.7 Liteartheacht Ceoil agus Cluasbhraistint

Beifear ag súil go mbeidh buneolas praiticiúil ag na hiarrthóirí UILE ar bhunait nodaireacht choinbhinseanach an cheoil agus leas á bhaint as cliath na tribile, i mórghléasanna agus i mionghléasanna suas le DHÁ ghéar agus DHÁ mhaol, agus go mbeidh siad in ann a léiriú go dtuigeann agus go n-aithníonn siad, go heasca, an dordchliath i gcleachtaí atá ceaptha chun na réimsí seo a leanas a thástáil:

- (a) An cumas mórghléasanna, mionghléasanna, mórchoraí agus mionchoraí a idirdhealú ó chéile;
- (b) Tuiscint ar ionaid suaimhnis i gceol;
- (c) Aithne ó chluas agus eolas ar na hamchomharthaí coiteanna agus na cineálacha ceoil a ghabhann leo, luachanna ama ón leathlán go dtí an camán, an croisín poncailthe agus an mínim poncailthe agus na sosanna gaolmhara san áireamh, agus na hidirchéimeanna coiteanna, diatónacha ó chomhairde go hochtach;
- (d) Tuiscint ó chluas ar an difríocht idir amchomharthaí débhuilleacha agus tríbhuilleacha, méadair na ngnáthrincí Gaelacha, agus comhchosúlachtaí idir rincí gaolmhara i dtraidisiún an tsnagcheoil agus an cheoil phobail a thabhairt faoi deara;

- (e) An cumas ar fhoirmeacha simplí a úsáidtear go coitianta, cuma an amhráin, rincí nó dréachtaí atá ag an bpobal, iad a aithint ó chluas agus ó leagan scríofa an cheoil;
- (f) An cumas ar shliocht gearr rithime a scríobh ó dheachtú agus leas á bhaint as luachanna na nótaí agus as na hamchomharthaí a thugtar faoi (c) thuas.

3.4.8 Litreartheacht Ceoil agus Cluasbhraistint
Ardleibhéal Amháin

Mar bhreis, beidh ar na hiarrthóirí seo a léiriú go bhfuil siad in ann gléasanna suas le CEITHRE ghéar agus CEITHRE mhaol a thuiscint agus a aithint, agus buneolas feidhme a léiriú ar chliath na tribile agus an doird agus leas á bhaint as mórghléasanna agus mionghléasanna suas le DHÁ ghéar agus DHÁ mhaol i gcleachtaí atá ceaptha chun tástáil a dhéanamh ar a gcumas i dtaca leis na scileanna seo a leanas:

- (a) Dúnta a aithint ó chluas agus a ainmniú;
- (b) Séiseanna a scríobh agus leas á bhaint as luachanna na nótaí, na hidirchéimeanna, agus na hamchomharthaí a thugtar faoi 3.4.7 (c) thuas;
- (c) Mírfhaid rialta agus mírfhaid neamhrialta, agus méadair na ngnáthfhoirmeacha rinne clasaicigh de chuid an 18ú haois a bhraistint ó chluas.

4. AGUISÍNÍ

AGUISÍN A

AMHRÁIN A MHOLTAR AGUS IAD LIOSTÁILTE DE RÉIR CATAGÓIRE

(a) AMHRÁIN THRAIDISIÚNTA NA hÉIREANN I mBÉARLA NÓ I nGAEILGE, LE TIONLACAN NÓ GAN TIONLACAN, AGUS CÓIRITHE LE CUMADÓIRÍ ÉIREANNACHA NUA-AOISEACHA SAN ÁIREAMH

Aithrí Sheáin de hÓra
Amhrán Na Cuiginne
Báidín Fheidhlimidh
Bard Of Armagh, The
Bean An Fhir Rua
Bonnán Buí, An
Boys Of Barr Na Sráide, The
Brid Óg Ní Mháille
Buachaill Caol Dubh, An
Buachaill Ón Éirne
Bun Ros Na Coille, Ag
Cailín Deas Crúite Na mBó
Carrickfergus
Cé Chuirfidh Tú Liom?
Chailín Rua, Mo
Coinleach Glas An Fhómhair
Cuach Mo Londubh Buí
Cuaichín Ghleann Néifin
Déirín Dé
Ding Dong Dederó
Draighneán Donn, An
Eanach Dhúin (= Anach Cuain)
Fhalaingín Mhuímhneach, An
Fill, Fill, A Rún Ó
Fuígfídh Mise An Baile Seo
Gentle Maiden, The
Gleann Beag Lách An Cheoil
Grá Mo Chroí Go hÉag Tú
Iníon An Fhaoit' Ón nGleann
Jimmy Mo Mhíle Stór
Leafy Cool-Kellure, The
Lon Dubh's an Chéirseach, An
Maidin I mBéara
Meeting Of The Waters, The
Mhaighdean Mhara, An
Mid Hour Of Night, At The
Mo Theaghlach
Mountains Of Pomeroy, The
My Love's An Arbutus
Neansaí 'Mhíle Grá, A
Níl Sé Ina Lá
Oileán Éadaí
One Day For Recreation
Oró, Mo Bháidín
O Sleep My Baby
Pé'n Éirinn í
Preab San Ól

Quick! We Have But A Second
Rí An Domhnaigh, A
Rince Pilib An Cheoil
Thugamar Féin An Samhradh Linn
Tiocfaidh An Samhradh
'Twas Pretty To Be In Ballinderry

(b) AMHRÁIN TÍRE Ó THÍORTHA EILE AGUS IAD SA LEAGAN BHUNAIDH NÓ AISTRITHE

Afton Water	(Albanach)
Ah, Where's The Miller's Daughter?	(Gearmánach)
All Through The Night	(Breatnach)
Alouette	(Franc-Cheanadach)
Andulko	(Seicslóvach)
A-Roving	(Rabhcán Maraí)
Ash Grove, The	(Breatnach)
Baby Brother Mine	(Ungárach)
Barbara Allen	(Sasanach)
Black Is The Colour	
Of My True Love's Hair	(Meiriceánach)
Blow The Man Down!	(Sasanach)
Blow The Wind Southerly	(Sasanach)
Blue Bells Of Scotland, The	(Albanach)
Blue Grotto, The	(Iodálach)
Blue-Tail Fly, The	
(Jimmy Crack Corn)	(Meiriceánach)
Botany Bay	(Astrálach)
Bound For South Australia	(Astrálach)
Click Go The Sheers	(Astrálach)
Cossacks' Love Song	(Rúiseach)
Cuckoo, The	(Ostarach)
David Of The White Rock	(Breatnach)
Drink To Me Only	(Sasanach)
Early One Morning	(Sasanach)
End Of The Year, The	(Lochlannach)
'Fhir An Bhata	(Albanach)
Fum, Fum, Fum!	(Spáinneach)
German Peasant's Dance	(Gearmánach)
Golden Vanity, The	(Rabhcán Maraí)
Gossip Joan	(Sasanach)
Greensleeves	(Sasanach)
Ho-La-Hi	(Gearmánach)
John Peel	(Sasanach)
The Jolly Farmer	(Sualannach)
Kalinka	(Rúiseach)
Katyusha	(Rúiseach)
Keel Row, The	(Sasanach)
Lass Of Richmond Hill, The	(Sasanach)
Lincolnshire Poacher, The	(Sasanach)
Linden Lea	(Sasanach)
Little Boy And The Sheep, The	(Francach)
Loch Lomond	(Albanach)
Maid Of Leko, The	(Gearmánach)
Marianina	(Iodálach)
Men Of Harlech	(Breatnach)
Mermaid, The	(Rabhcán Maraí)

Merry Cobbler, The	(Beilgeach)
My Father's Garden	(Francach)
Oh! The Oak And The Ash	(Sasanach)
Out In The Meadow	(Giúdach)
Ploughboy, The	(Sasanach)
Richard Of Taunton Dean	(Sasanach)
Rio Grande	(Rabhcán Maraí)
Rising Of The Lark, The	(Breatnach)
Rowan Tree, The	(Albanach)
Russian Weaving Song, A	(Rúiseach)
Sacramento	(Rabhcán Maraí)
Santa Lucia	(Neapóilíteach)
Scarborough Fair	(Sasanach)
Shanandoah	(Rabhcán Maraí)
Skye Boat Song	(Albanach)
Streets Of Loredó, The	(Meiriceánach)
Sur Le Pont d'Avignon	(Francach)
Swallow, The	(Meicsiceach)
Sweet And Low	(Sasanach)
There's Nae Luck About The House	(Albanach)
'Tis A Gift To Be Simple	(Meiriceánach)
Tumbalalaika	(Giúdach)
Ye Banks And Braes	(Albanach)
Winter Is Over	(Iodálach/Eilvéiseach)
Zum Gali Gali	(Giúdach)

(c) AMHRÁIN LEIS NA MÓRMHÁISTRÍ AGUS LE CUMADÓIRÍ AITHEANTA DE CHUID AN FICHIÚ HAOIS

Arne:	Blow, Blow Thou Winter Wind The Lass With The Delicate Air Where The Bee Sucks
Beethoven:	Morning Night Noon A Song Of May
Bennett:	The Aviary (ceann ar bith) The Insect World (ceann ar bith) The Wind Sings On The Mountain
Brahms:	The Blacksmith Cradle Song The Huntsman The Little Dustman The Sandman
Britten:	Night Song
Elgar:	When Swallows Fly
Giordani:	Caro Mio Ben (Come Happy Spring)
Horn:	Cherry Ripe

Haydn: Come Gentle Spring!
Mermaid's Song
My Mother Bids Me Bind My Hair
Sailor's Song

Lully: Bois Epois (Sombre Wood)

Mendelssohn: O For The Wings Of A Dove
On Wings Of Song

Mozart: Contentment
Cradle Song
The Little Spinner
Longing For Spring

Morley: It Was A Lover And His Lass
Now Is The Month Of Maying

Purcell: Come Unto These Yellow Sands
The Knotting Song

Schubert: Cradle Song
Du bist die Ruh (You Are My Rest)
The Fisherman
Joy
To Music
The Organ Grinder
Rose Among The Heather
The Trout
Wanderer's Night Song
The Wandering Miller
Whither
Who Is Sylvia?

Schumann: Ah, Sweet As Any Flower
Clown's Song
Ladybird
Soldier's Song
Thou'rt Like A Lovely Flower

Stanford: Windy Nights

Sweeney: Still South I Went (ceann ar bith)

Tchaikovsky: A Legend
Morning Prayer

Weber: The Shepherd

(d) BAILÉID STAIRIÚLA AGUS NUA

Avenging And Bright	(Éire)
Boolavogue	(Éire)
Cath Chéim An Fhia	(Éire)
Clare's Dragoons	(Éire)
Cliffs Of Dooneen, The	(Éire)
Na Connerys	(Éire)

Curragh Of Kildare, The	(Éire)
Éamonn An Chnoic	(Éire)
Fields Of Athenry, The	(Pete St John)
Flight Of The Earls, The	(Éire)
Harp That Once Through Tara's Halls, The	(Éire)
Hey Ho, The Morning Dew	(Sasana)
Let Erin Remember	(Éire)
Maidin Luan Cincíse	(Éire)
Marching Through Georgia	(Meiriceá)
Men Of Harlech	(An Bhreatain Bheag)
Minstrel Boy, The	(Éire)
O'Donnell's March	(Éire)
Oh, For The Swords!	(Éire)
Príosún Chluain Meala	(Éire)
Rare Ould Times, The	(Pete St John)
Rocks Of Baun, The	(Éire)
Rosc Catha Na Mumhan	(Éire)
Seán Ó Duibhir An Ghleanna	(Éire)
Silent, O Moyle	(Éire)
Sliave Gallion Braes	(Éire)
Verdant Braes Of Screen, The	(Éire)
West's Awake, The	(Éire)
Wha Wadna Fecht For Charlie	(Albain)
When Johnny Comes Marching Home	(Meiriceá)
Will Ye No Come Back Again	(Albain)

(e) AMHRÁIN ATÁ I mBÉAL AN PHOBAIL, SPIORADÁLAIGH NA GCIARDHUÁN SNAGCHEOL AGUS BLUES SAN ÁIREAMH

Gan Ainm:	A-Roving (Rabhcán Maraí)
	Battle Hymn Of The Republic (Meiriceá)
	The Butcher Boy (Sasana)
	Clementine (Meiriceá)
	Cockles And Mussels (Éire)
	The Gypsy Rover (Éire)
	I Know Where I'm Going (Albain)
	Kumbaya (An Afraic)
	My Bonnie (Meiriceá)
	Oft In The Stilly Night (Éire)
	Riddle Song (Sasana)
	Song Of The Volga Boatman (An Rúis)
	Will You Go, Lassie Go? (Albain)
Bacharach, Burt:	Raindrops Keep Fallin' On My Head
Carter, Sidney:	Lord Of The Dance
Cowan, Marie:	Waltzing Matilda
Foster, Stephen:	Campdown Races
	The Old Folks At Home
	O Susanna
	Some Folks Do
French, Percy:	Are You Right There, Michael?
	Slattery's Mounted Foot

Amhráin Soiscéil: Go Tell It On The Mountain
He's Got The Whole World In His Hands
Michael, Row The Boat Ashore
When The Saints Go Marching In

Guthrie, Woody: This Land Is Your Land

Hays, Lee:
(i ndiaidh Carl Sandburg) The Wreck Of The Sloop "John B"

Hellerman, Fred: I Never Will Marry

Kadjidakis, Manos: The White Rose Of Athens

Lennon/Mc Cartney: The Fool On The Hill
The Long And Winding Road
When I'm Sixty Four
Yellow Submarine
Yesterday

Mc Tell, Ralph: Streets Of London

Spioradalaí na
gCiardhuán: Deep River
Go Down Moses
Joshua Fight The Battle Of Jericho
Swing Low, Sweet Chariot

Purcell (leagtha air): Lilli Burlero

Reynolds, Malvina: Mornington Ride

Simon, Paul: The Fifty-Ninth Street Bridge Song
(Feelin' Groovy)

(f) CEOL GUTHA EAGLASTA AGUS CARÚIL LE NÓ GAN TIONLACAN

Arcadelt: Ave Maria

Beethoven: Creation's Hymn

Carúil: Coventry Carol
Deck The Halls
In Dulce Jubilo
I Saw Three Ships
My Dancing Day
O Little One
Patapan
Quem Pastores
Sans Day Carol
Seven Joys
Sussex Carol
Wassail Song
Wexford Carol

Elgar: Ave Verum

Fauré: Pie Jesu (as an *Requiem*)

Franck: Panis Angelicus
Joncas: I Have Loved You
Holst: God Is Love
Hunter (arna chóiriú ag) Carol of the Huron Indians
Gaeilge: Don Oíche Úd I mBeithil
Gabham Molta Bhríde
A Rí an Domhnaigh
Suantraí na Maighdine
Mozart: Ave Verum
Réchant.: Adoro Te
Attende Domine
Regina Caeli
Salve Regina
Veni Creator Spiritus
Potter: Ave Maria
Sands: Sing Of The Lord's Goodness
Thiman: Just As I Am
Victory: Song Of Praise
Vaughan Williams: For All The Saints

(g) **AMHRÁIN AS CEOLDRÁMAÍ, MION-CHEOLDRÁMAÍ, CANTÁIDEANNA, ORATÓIRÍ AGUS CEOLRAÍ STÁITSE**

Bach: "All Glory, Laud And Honour" (córail
as: St. John Passion agus an Chantáid "Christus
der ist mein Leben")
"Author Of The Whole Creation" (i.e.
Jesu, Joy Of Man's Desiring as an gCantáid "Herz
und Mund")
"Now Is The Year Of Jubilee" (as an
gCantáid "Das Neugeborne Kindelein") "O Trusting
Heart" (as an gCantáid "Mein Glaubiges Herz
Frohlocke!")
"Sheep May Safely Graze" (as an
gCantáid "Was Mir Behagt Ist Nur Die Muntre
Jagd") "Sleepers Awake" (as an gCantáid "Wachet
Auf")
Berlin: There's No Business Like Show Business
(as Annie Get Your Gun)

Bernstein: America (as: West Side Story)
I Feel Pretty (as: West Side Story)
Make Of Our Hands One Hand (as: West Side Story)

Britten: The Night Song (as: The Little Sweep)

Gershwin: Oh, I Got Plenty O' Nuttin' (as: Porgy Bess)

Gluck: From Home In Lily Bell (as: Armide)

Gounod: The Soldiers' Chorus (as: Faust)

Handel: Art Thou Troubled? (as: Rodelinda)
Let Us Take The Road (as: Rinaldo and The Beggar's
Opera)
Under Your Shade (i.e. Largo as: Serse) Silent Worship
(as: Ptolemy)
Spring (as: Ottone)
Sweet Contentment (as: Berenice)

Humperdink: The Dancing Song (as: Hansel and Gretel)

Kern: Can't Help Lovin Dat Man (as: Show Boat)

Lloyd Webber: Memory (as: Cats)
Mr Mistopholes (as: Cats)
Old Deuteronomy (as: Cats)
Skimpleshanks The Railway Cat (as: Cats)
Starlight Express (as: Starlight Express)

Lowe: Wouldn't It Be Lovely? (as: My Fair Lady)

Lully: Hail To The Victor (as: Theseus)

Monckton: The Pipes Of Pan Are Calling (as: The Arcadians)

Mozart: The Birdcatcher (as: Die Zauberflöte)
O Maiden, Come To Join Me (as: Die Zauberflöte)
O Magic Night (as: Don Giovanni)
Tell Me, Fair Ladies (Ye Who Can Measure,
as: "The Marriage Of Figaro")

Purcell: Nymphs And Shepherds (as: The Libertine)

Rogers: A Wonderful Guy (as: South Pacific)
June Is Bursting Out All Over (as: Carousel)
Many A New Day (as: Oklahoma)
Oh, What A Beautiful Morning (as: Oklahoma)
Younger Than Springtime (as: South Pacific)

Sullivan:
(and Gilbert) Behold The Lord High Executioner (as: The Mikado)
I Have A Song To Sing, O (as: The Yeoman
of the Guard)
List And Learn (as: The Gondoliers)
The Policeman's Lot (as: The Pirates Of Penzance)
Take A Pair Of Sparkling Eyes (as: The Gondoliers)

Verdi: Desdemona's Prayer ("Ave Maria" as: Otello)
Hebrew Slaves' Chorus ("Va, pensiero" as: Nabucco)

Weber: Hunting Song (as: Der Freischütz)

(h) AMHRÁIN INA BHFUIL FORSHÉISEANNA SIMPLÍ I gCEIST, OSTINATI, AMHRÁIN
SHIMPLÍ LE DHÁ PHÁIRT, ROTHLAM AGUS CANÓNACHA

Adamson: The Silvery Sands (Amhrán dhá-pháirteach)

Aldrich:
Gan ainm: Hark, The Bonny Christ (Rothlam trí-pháirteach)
Come, Follow Me (Rothlam trí-pháirteach)
Haste Thee, Nymph (Rothlam trí-pháirteach)
How Great Is The Pleasure (Rothlam trí-pháirteach)

Summer Is Icumen In (Rothlam trí/ceithre-pháirteach le
hostinato)
Sweet The Evening Air (Rothlam trí-pháirteach)
The Morning (Rothlam trí-pháirteach)
To Portsmouth (Rothlam ceithre-pháirteach)
Waltz From Old Vienna (Amhrán dhá-pháirteach)

Appleby agus
Fowler (arna chóiriú
ag): All Who Sing And Wish To Please (T. Goodban;
rothlam dhá-pháirteach)
Botany Bay (Amhrán dhá-pháirteach)
The Cuckoo (Rothlam dhá-pháirteach)
Evening Music (Amhrán dhá-pháirteach)
Haste Thee, Nymph (i ndiaidh Samuel Arnold; amhrán
dhá-pháirteach)
Summer (Áiria as *Alcina* le Handel; amhrán
dhá-pháirteach)

- Buckley: Tá Cat Agam Sa Bhaile (Amhrán dhá-pháirteach)
Ceol Earraigh (Amhrán dhá-pháirteach)
An Gairdín Álainn (Amhrán dhá-pháirteach)
'Sí Éire Ar dTírse (Amhrán dhá-pháirteach)
Suantraí (Amhrán dhá-pháirteach)
- Crémer (arna chóiriú ag): The Rowan Tree (Amhrán dhá-pháirteach)
- Hawthorne: Whispering Hope (Amhrán dhá-pháirteach)
Hilton: Come, Follow Me (Rothlam trí-pháirteach)
- Humperdink: Evening Prayer (Amhrán dhá-pháirteach as:
Hansel and Gretel)
- Jenkins agus
Visocchi (arna chóiriú ag): Barbara Allen/Shenandoah (Quodlibet dhá-pháirteach)
Go Tell It On The Mountain/He's Got The Whole
World In His Hands (Quodlibet dhá-pháirteach)
Its A Long Way To Tipperary/Pack Up Your Troubles
(Quodlibet dhá-pháirteach)
The Keel Row/Fire Down Below (Quodlibet dhá-
pháirteach)
- LeFanu: Rory's Rounds (ceann ar bith; rothlaim trí pháirt
go dtí ocht bpáirt)
- Ó Ceallaigh
(arna chóiriú ag): Déirín Dé (Amhrán dhá-pháirteach)
A Shaighdiúirín, A Chroí (Amhrán dhá-pháirteach)
Trasna Na dTonnta (Amhrán dhá-pháirteach)
- Ó Dubhghaill
(arna chóiriú ag): Na hÉin Go Léir (Amhrán dhá-pháirteach)
- Roberton: White Waves On The Water (Amhrán dhá-pháirteach)
- Rogers: Morning Hymn (Iomann dhá-pháirteach)
- Simpson (arna chóiriú ag): The Sailor Likes His Bottle (Amhrán
dhá-pháirteach)
Shenandoah (Amhrán dhá-pháirteach)
We Wish You A Merry Christmas (Carúl
dhá-pháirteach)
- Tallis: All Praise To Thee (Canóin dhá-pháirteach)
- Whittaker (arna chóiriú ag): Song Of The Spirits (as: Armide le Gluck;
Amhrán dhá-pháirteach)

AGUISÍN B

Beidh i gceist le scileanna léirithe a dhéanfar a thairiscint sa chatagóir seo ballraíocht in éineacht le casadh in aon cheann aitheanta de na cóir ullmhúcháin, sóisearacha, idirmheánacha nó sinsearacha, nó ceolfhoirne sóisearacha, idirmheánacha nó sinsearacha, nó bannaí míleata idirmheánacha faoi mar atá leagtha amach i leabhrán na Roinne Oideachais: **RIACHTANAIS AGUS LIOSTA DE DHRÉACHTAÍ DUALGAIS DO SCRÚDÚ AR CHÓIR SCOILE, AR CHEOLFHOIRNE SCOILE AGUS AR BHANNAÍ MÍLEATA.** Tá cóipeanna den leabhrán le fáil ón Rúnaí, an Roinn Oideachais, Brainse na Scrúduithe, (Rannóg an Cheoil), Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí. Is ceadmhach d'iarrthóirí laistigh den chatagóir seo ballraíocht a thairiscint i gcór amháin agus/nó ballraíocht i gceachtar de cheolfhoireann amháin nó banna míleata chun críche na gcoinníollacha uile atá riachtanach do mhic léinn Ardleibhéil a chomhlíonadh. Ní bheidh ballraíocht i líon níos mó ná cór amháin, ceolfhoireann amháin, nó ceolfhoireann agus banna míleata leordhóthanach, áfach, chun na críche céanna seo.

AGUISÍN C

NA CLÁIR LE HAGHAIDH UIRLISÍ FAOI MAR ATÁ LEAGTHA AMACH FAOI SCILEANNA
LÉIRITHE, CATAGÓIR 4, SA SIOLLABAS

- An Fhliúit Shasanach Fhorshéise (lch.27)
- An Fhliúit Shasanach Tribile & Forshéise [nó Teanóir] (lch.28)
- An Fhliúit (lch.29)
- An tÓbó (lch.30)
- An Chláirnéid (lch.31)
- An Sacsafón Ailt (lch.32)
- An Sacsafón Teanóir (p.33)
- An Basún (lch.35)
- An Corn Francach (lch.37)
- An Corn Teanóir (lch.38)
- An Trumpa (lch.39)
- An Coirnéad (lch.39)
- An Flúgalchorn (lch.39)
- An Trombón Teanóir (lch.40)
- An Baratón (lch.41)
- An tEofón (lch.41)
- An Tiúba (lch.42)
- Cnaguirlisí (lch.43)
- An Pianó (lch.44)
- An Chláirseach Cheolchoirme (lch.46)
- An Chruit Ghaelach (lch.47)
- An tOrgán (lch.48)
- An Giotár (lch.49)
- An Cairdín (lch.50)
- An Veidhlín(lch.51)
- An Vióla (lch.52)
- An Dordveidhil (lch.53)
- An tOlldord (lch.54)

AN FHLIÚIT SHASANACH FHORSHÉISE

Liosta A

D. Bigaglia	Sonáid in A mion: An chéad ghluaiseacht agus an dara ghluaiseacht	Schott RM5378
Dolmetsch	Greensleeves to a Ground Téama agus Breachnuithe 2, 3, 6 & 12	Schott 10366
M. Marais	Sraith uimh.8: Salle de Café	UE 1405
J. C. Pepusch	Sonáid in G: an ceathrú ghluaiseacht	Schott 5974
G. P. Telemann	Partita in C mion, uimh.3: Adagio agus Aria V	Faber F0351

Liosta B

Patrick Enfield	Descant's Delight: An chéad ghluaiseacht	Elkin 2762
Colin Hand	Petite Suite Champêtre Op.67: an dara ghluaiseacht, Danse - Pastorale	Boosey & Hawkes
H. M. Linde	Die kleine Übung: Cl. 15, 19, 22	Schott 4882
J. Turner	Four Diversions: Válsa	Forsyth
Ton van der Valk	11 Études do Fhliúit Shasanach Fhorshéise: uimh.5 <u>nó</u> uimh.9	Harmonia/Kalmus

Liosta C

arna chóiriú ag Douglas Gunn	Lillibulero & Turlough Og MacDonagh (Irish Tunes 3)	DG Music/Ossian Publications
Walter Roehr	Sonáidín uimh.4 in B maol: An tríú ghluaiseacht, Polonaise	Schott 4889
Christopher Steel	Sraith: an chéad ghluaiseacht, Allegro non troppo	Novello
R. Valentine	Sonáid uimh.8 in G: an chéad ghluaiseacht agus an dara ghluaiseacht	Schott 11726

AN FHLIÚIT SHASANACH TRIBILE AGUS FORSHÉISE [NÓ TEANÓIR]

Liosta A (Tribil)

F. Dinn	18 Staidéar do Fhliúit Shasanach Tribile: uimh.8 nó uimh.10	Schott 11145
eag. Giesbert	15 Aonréad do Fhliúit Shasanach Tribile: Largo agus Double, uimh.7	Schott 2562a

Liosta B (Tribil)

Demoivre	Einzelstücken Suiten: Sraith in D	Schott 10514
A. Hopkins	Ceithre Rince do Fhliúit Shasanach Tribile	Schott R526
A. Scarlatti	Zwei Sinfonian: Sinfonia uimh.2 in F	Willy Mulke
H. Thornowitz	Sonata da Camera, uimh.5 in G	Schott 10514

Liosta C (Forshéise nó Teanóir)

Carolan, arna chóiriú ag D. Gunn	Bumper Squire Jones agus The King of the Fairies	Ossian Publications
Patrick Enfield	Descant's Delight: an chéad ghluaiseacht	Elkin 2762
G. B. Riccio	Canzona in F	London Pro Mussica PM CSI
Telemann	Wedding Divertissement	Schott 10349

AN FHLIÚIT

Liosta A

J. S. Bach	Sonáid in A mion don Fhliúit Aonair: an tríú gluaiseacht, Sarabande nó an ceathrú gluaiseacht, Bourrée Anglaise	Hinrichsen
Couperin, arna chóiriú ag Philips	Passepied (Beginners' Repertoire for Flute)	OUP
Handel, arna chóiriú ag Moysé	Gabhóid (First Solos for the Flute Player)	Schirmer
Marcello, arna chóiriú ag Slater	Sonáid uimh.13: Largo	UMP
Naudot, arna chóiriú ag Moysé	Dhá Áiria in Rondeau	Schirmer

Liosta B

Haydn, arna chóiriú ag Moysé	Allegretto (First Solos for the Flute Player)	Schirmer
Haydn, arna chóiriú ag Philips	Allegro (Beginners' Repertoire for Flute, Imleabhar.1)	OUP
Schubert	Réamhdhréacht agus Bréachnuithe Op.160: Téama agus Breachnuithe 2, 3 & 4	Schirmer
Stanley	Aonréad in D, Op.4, uimh.5: go hiomlán	OUP

Liosta C

Debussy	En Bateau	UMP
Fauré	Sicilienne (Pelleas et Melisande, Leabhar 2, Op.78)	UMP
Jacob	By the River (New Pieces for Flute)	Associated Board
Mendelssohn, arna chóiriú ag Moysé	Amhrán gan focail, Op.62, uimh.23 (First Solos for the Flute)	Schirmer
Roussel	Jonereurs de Flûte, Op.27, uimh.2	UMP

AN tÓBÓ

Liosta A

Brod	Huit Studies: uimh.2 in A mion <u>nó</u> uimh.4 in G	Leduc/UMP
Hinke	Elementary School: lch.11, uimh.14 <u>nó</u> lch.19, uimh.2	Peters P-2418
Langey	The Oboe: lch.23, uimh. 36 (líne uacht.) <u>nó</u> lch.69, uimh.5	Boosey & Hawkes

Liosta B

Corelli	Coinséartó: An tríú gluaiseacht	Boosey & Hawkes
Corelli, arna chóiriú ag Willner	Classical Album: uimh.5	OUP
Harold Craxton	Three Elizabethan Pieces: 'Tell me, Daphne'	Faber
Handel	Coinséartó in G mion: an tríú gluaiseacht	OUP
Pergolesi, arna chóiriú ag Barbirolli	Coinséarto: An chéad gluaiseacht	Boosey & Hawkes
Purcell, arna chóiriú ag Janet Craxton	2nd Book of Oboe Solos: uimh.20, Áiria	Faber

Liosta C

Gordon Jacob	10 Little Studies: uimh.7 <u>nó</u> uimh.10	OUP
Schumann, arna chóiriú ag Roy Thackray	Nine Short Pieces from Three Centuries: Song of the Italian Sailors	OUP
	Valse Triste <u>nó</u> Andante con moto (New Pieces for Oboe, Book 1)	Associated Board

AN CHLÁIRNÉID

Liosta A

Bach	Sheep may safely graze (The Young Clarinetist, Imleabhar 2)	OUP
Handel	Where'er you walk (The Young Clarinetist, Imleabhar 2)	OUP
Lully eag. King	Gabhóid (Solos for Clarinet, Imleabhar 1)	Chester
Rameau eag. Kusking	Minit (Clarinet Music for beginners)	Editio Musica Budapest
Weston	Uimh.11 (Classical Studies for Clarinet)	Fentone

Liosta B

Lefèvre, arna chóiriú ag King	Sonáid uimh.3: Allegro (Clarinet Solos, Imleabhar 1)	Chester
Mozart	Minit agus Tríréad (Saranáid le haghaidh Gaothuirlisí, K.361)	OUP
Mozart, arna chóiriú ag Frank & Forges	Pantomime (A Mozart Suite, uimh.2)	OUP
Schubert	Minit (First Year Clarinetist, Imleabhar 1)	Edwin Ashdown
Wanhal, arna chóiriú ag Laurelot	Sicilienne (La Clarinette Classique, Imleabhar C)	UMP

Liosta C

Jacob	Valse Ingenu (New Pieces for Clarinet, Leabhar 1)	Associated Board
P. Martin	Sarabande (Six Dances for Clarinet & Piano)	Boosey & Hawkes
Tchaikovsky, arna chóiriú ag King	Barcarolle, Op.37, uimh.6 (Clarinet Solos, Imleabhar 1)	Chester
Vinter	Song & Dance: An Chéad Amhrán	Weinberger

AN SACSAFÓN (AILT AGUS TEANÓIR)

AN SACSAFÓN AILT

Liosta A

Gariboldi eag. Harle	Allegretto mosso, uimh.42 (Easy Classical Studies)	Universal UE 17770
Handel, arna chóiriú ag Harle	Sonáidín (Classical Album)	Universal UE 17772
Haydn, arna chóiriú ag Harle	Saranáid (Classical Album)	Universal UE 17772
Schubert eag. Wastall	Saranáid (First Repertoire Pieces for Alto Saxophone)	Boosey & Hawkes
Telemann, arna chóiriú ag Londeix	Sonáid in C mion: An chéad ghluaiseacht, Siciliana	Leduc/UMP

Liosta B

Blemant eag. Wastall	Petit Jeu (First Repertoire Pieces for Alto Saxophone)	Boosey & Hawkes
Delibes eag. Harvey	Barcarolle (Alto Saxophone Solos, Imleabhar 1)	Chester
Elgar eag. Staber	Salut d'amour, Op.12	Schott
Mozart, arna chóiriú ag Harle	Minit (Classical Album)	Universal UE 17772
Ravel	Pavane de la Belle aux bois dormant	Ed. Durand

Liosta C

Benjamin eag. Wastall	Jamaican Rumba (Learn as you play saxophone)	Boosey & Hawkes
Kodály eag. Harvey	Battle and Defeat of Napoleon as an tSraith 'Hary Janos' (Alto Saxophone Solos, Imleabhar 1)	Chester
Beldon Leonard	Feather River	Belwin Mills
Gordon Lewin	Coast Road (22 Unaccompanied Pieces for Saxophone)	Associated Board
R. Pepper	Blue March (Sounds for Sax 2)	Chester

AN SACSAFÓN TEANÓIR

Liosta A

J. S. Bach, arna chóiriú ag Rascher	Gabhóid agus Bourrée (Sraith Fhrancach uimh.5)	Belwin Mills
Gariboldi, arna chóiriú ag Harle	Allegretto mosso, uimh.42 (Easy Classical Studies)	Universal UE 17770
Handel, arna chóiriú ag Harle	Sonáidín (Classical Album)	Universal UE 17772
Handel eag. Harvey	Love in her eyes sits playing (Tenor Saxophone Solos, Imleabhar 1)	Chester
Haydn, arna chóiriú ag Harle	Saranáid (Classical Album)	Universal UE 17772

Liosta B

Blemant eag. Wastall	Petit Jeu (First Repertoire Pieces for Tenor Saxophone)	Boosey & Hawkes
Mozart, arna chóiriú ag Harle	Minit (Classical Album)	Universal UE 17772
Rossini eag. Lewin	Áiria as 'The Barber of Seville' (22 Unaccompanied Pieces for Saxophone)	Associated Board
Saint-Saëns eag. Harvey	The Swan (Tenor Saxophone Solos, Imleabhar 1)	Chester
Schubert eag. Wastall	Saranáid (First Repertoire Pieces for Tenor Saxophone)	Boosey & Hawkes

